



Bainisteoir Sinsearach Rialála – Grád 7 (Oifigeach Riaracháin)

FORLÉARGAS:

Ar mhaith leat a bheith ag oibriú d’eagraíocht atá ag iarraidh difríocht a dhéanamh?

Más rud é gur mhaith leat é, b’fhéidir go mbeidh deis againn duit.

Tá iarratais á lorg againn faoi láthair do Bhainisteoir Sinsearach Rialála laistigh den Rialtóir Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT). D’fháilteoimis go háirithe, roimh iarratais ó dhaoine aonair a bhfuil taithí acu ar a bheith ag obair i réimsí an airgeadais, na tithíochta, an rialachais, an bhainistithe réadmhaoine agus an bhainistithe tionónta nó anailíse sonraí.

Tá ár n-oifig lonnaithe i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus soláthraíonn sí an deis cianobair a dhéanamh suas go dtí 3 lá in aghaidh na seachtaine.

Is rialtóir neamhspleách den CCT in Éirinn é an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (ÚRCCT). Cosnaíonn agus maoirsíonn sé rialachas éifeachtach, bainistíocht airgeadais, réadmhaoine agus tionóntachta de 450 CCT, ar leo agus a bhainistíonn breis agus 53,000 teach.

Agus tú i do Bhainisteoir Rialála beidh tú in ann bainistíocht a dhéanamh ar raon leathan oibre ina n-áirítear an measúnú riosca, gealltanais a fháil agus straitéisí rialála rannpháirtíochta a chruthú i gcomhréir in éineacht le CCTanna, ionas go gcinnteofar gur féidir leo beart a dhéanamh de réir a mbriathar i réimsí rialachais, bainistíochta airgeadais agus feidhmíochta.

Oibreoidh tú le Foireann Rialála chun ár gcláir mheasúnaithe a mhaoirsiú do CCTanna. Beidh deis agat chomh maith oibriú le comhghleacaithe ar fud an rialtóra chun cur le forbairt ár gcreat rialála, ár mbeartais agus ár dtreoir.

DUALGAIS & FREAGRACHTAÍ

Áireofar na nithe a leanas le dualgais agus freagrachtaí an iarrthóra rathúil:

- An (na) clá(i)r m(h)easúnaithe a bhainistiú agus a chur i láthair do CCTanna, chomh maith le torthaí an mheasúnaithe a fhógairt
- Acmhainní na foirne a comhordú agus a bhainistiú go héifeachtach



- Maoirseacht a dhéanamh ar chreat láidir rialaithe cáilíochta don chlár measúnaithe
- Ceannaireacht a dhéanamh ar chruinnithe Rialála le CCTanna, ina mbeidh ort aontú a chuardach le torthaí rialála
- Teagmháil a bheith agat le Bainisteoirí Sinsearacha Rialála maidir le gach réimse de chreat rialála an ÚRTCT
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéisí cuí le bainistíocht a dhéanamh ar fhadhbanna dáiríre neamhchomhlíonta a thiocfaidh aníos ónár gclár measúnaithe
- Straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do sheachadadh ár gcur chuige don rialáil, cur chuige atá bunaithe ar riosca
- Cur i láthair a dhéanamh leis an mbord agus fochumainn ar sheachadadh an chreata measúnaithe
- Oiliúint do na CCTanna a fhorbairt agus a chur ar fáil dóibh bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ó na cláir mheasúnaithe
- Rioscaí agus nósanna san earnáil a aithint ag teacht amach as ár maoirseacht rialála
- Dualgais ar bith eile de réir mar is gá

TAITHÍ:

- Taithí ábhartha maidir le rialáil, airgeadas, iniúchadh, cigireacht nó comhlíonadh.
- Taithí ábhartha ar a bheith ag bainistiú foirne agus acmhainní
- Scileanna cumarsáide scríofa agus labhartha den scoth.
- Taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Taithí ar anailís agus ar mheasúnú sonraí.
- Taithí ar éilimh chontrártha agus ar fhreagairt ar spriocdhátaí teanna nuair is gá.

CRITÉIR INMHIANAITHE:

Bheadh céim (Leibhéal 8 den CNC (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí)) nó taithí choibhéiseach i réimse ábhartha amhail airgeadas, rialáil, comhlíontacht, rialachas, bainistíocht riosca, an earnáil charthanachta nó disciplíní dearbhairte ina buntáiste.



Scileanna anailíse le cumas sonraí agus faisnéis bhainistíochta a cheistiú chun patrúin a aithint, príomhthéamaí agus torthaí a tharraingt amach chun tacú le cinntí.

INNIÚLACHTAÍ

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí caidreamh oibre dearfach, táirgiúil agus tairbheach.
- Eolas a chur i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach trí labhairt agus trí scríobh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Bíonn tionchar aige/aici go héifeachtach ar dhaoine eile chun beart a dhéanamh.

Torthaí a Bhainistiú & a Sholáthar

- Bainistíocht a dhéanamh ar an bhfoireann chomh maith lena spreagadh chun daoine aonair a fhorbairt agus an seachadadh uasmhéadú
- Forbairt phleananna oibríochta agus foirne
- Obair agus acmhainní a phleanáil agus tús áite a thabhairt di go héifeachtach laistigh den fhoireann
- Sainaitheann sé/sí réimsí atá le feabhsú go réamhghníomhach agus forbraíonn sé/sí réitigh phraiticiúla lena gcur i bhfeidhm.

Breithiúnas, Anailísiú & Cinnteoireacht

- Déanann sé/sí cinntí tráthúla eolasacha éifeachtacha agus léiríonn sé/sí breithiúnas maith agus cothromaíocht agus cinntí nó moltaí á dhéanamh aige/aici.
- Déanann sé/sí faisnéis ó fhoinsí ábhartha a bhailiú agus anailísiú, cibé acu faisnéis airgeadais, faisnéis uimhriúil, nó eile, agus réimse tosca criticiúla á mheas
- Cuireann sé/sí ceisteanna níos leithne, cláir, íogaireachtaí, agus impleachtaí gaolmhara ar bith san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici

Eolas Speisialtóra

- Ardleibhéal inniúlachta agus taithí maidir le hAirgeadas, Rialachas, Díl, Comhlíontacht, Dearbhú agus Rialáil



- Taithí ar obair a dhéanamh san Earnáil Rialála nó Chomhlíontachta.

Cad a chuireann an ÚRCCT ar fáil:

Is fostóir comhdheiseanna é ÚRCCT laistigh den earnáil phoiblí atá dírithe ar áit oibre atá éagsúil, cuimsitheach agus fiúntach a chruthú dá fhoireann ar fad. Spreagaimid agus cuirimid fáilte roimh dhaoine oilte ó gach cúlra chun a bheith mar bhaill inár n-eagraíocht.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le deiseanna forbartha pearsanta agus gairmiúla a sholáthar dár bhfoireann go léir. Mar eagraíocht nuabhunaithe agus í ag méadú fós, cuireann ÚRCCT deis uathúil ar fáil chun do scileanna agus do thaithí a mhéadú ar gach gné d'obair ÚRCCT, agus ag an am céanna a bheith in ann cur le hearnáil tithíochta sóisialta CCT atá dea-rialaithe agus cobhsaí a sholáthraíonn tithe ar ardchaighdeán dá dtionóntaí.

I measc na mbuntáistí eile a mbeifeá ag súil leo agus tú ag oibriú in ÚRCCT tá:

- Post buan inphinsin.
- Saoire bhliantúil fhlaithiúil de 30 lá.
- Tuarastal earnála poiblí agus ardú pá ar bhonn incriminteach ag baint leis (scála Grád 6).
- Timpeallacht oibre hibrídeach le huaireanta oibre solúbtha.
- Rochtain ar scéimeanna thaistil chun cáin a shábháil agus scéimeanna rothar chun oibre.
- Tacaíochtaí oideachais trí chlár oideachais atá urraithe ag fostóirí.

EOLAS FAOIN ÚRCCT

Is rialtóir neamhspleách é Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (ÚRCCT) a bunaíodh an 1 Feabhra 2021. Is é an ról atá an ÚRCCT ná maoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) go léir.

Is eagraíochtaí neamhspleácha neamhbhrabúis iad CCTanna a n-áirítear soláthar agus bainistiú tithíochta do theaghlaigh a bhfuil gá acu le tithíocht. Tá ról lárnach acu i seachadadh tithíochta mar atá leagtha amach i bplean 'Tithíocht do Chách' an Rialtais.



Is earnáil ilghnéitheach í an earnáil CCT agus lena n-áirítear líon beag CCTanna móra agus méaduithe, mar aon le líon ard CCTanna beaga agus/nó CCTanna atá bunaithe ar an bpobal a bhainistíonn líon beag tithe. Tá an Earnáil comhdhéanta faoi láthair de 450 CCT, a bhfuil úinéireacht agus bainistíocht acu ar thart ar 53,000 teach.

Tá ÚRCCT ag céimeanna tosaigh dá fhorbairt, agus táimid ag cruthú timpeallacht rialála reachtúla nua do gach CCT. Áirítear leis seo creat rialála trédhearcach, láidir agus cothrom a thabhairt isteach, ag díriú ar phríomhthorthaí, ag bunú caidrimh éifeachtacha agus chomhoibritheacha, ag tógáil cumarsáid láidir le príomhpháirtithe leasmhara agus ag soláthar dearbhuithe rialála don rialtas, do thionóntaí agus do mhaoinitheoirí.

Is iontach an t-am é chun a bheith páirteach san eagraíocht dhinimiciúil thábhachtach seo.

Is é ár bhfís earnáil a bheith ann ina léirítear AHBna dea-chleachtas sna réimsí rialachais, airgeadais, maoine agus bainistíochta tionóntachta agus a sholáthraíonn tithe ardchaighdeán dá dtionóntaí. Is é ár misean an tithíocht a sholáthraíonn agus a bhainistíonn AHBanna a chosaint, trí rialáil éifeachtach.

PRÍOMHFHEIDHMEANNA ÚRCCT

Is iad na príomhfheidhmeanna atá againn ná:

- clár Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a bhunú agus a choimeád, lena n-áirítear CCTanna a chlárú,
- caighdeán do CCTanna a ullmhú agus a fhoilsiú,
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag AHBanna,
- fiosrúcháin a dhéanamh,
- tionóntaí agus CCTanna a chosaint agus clárú CCTanna a dhéanamh neamhbhailí,
- rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr CCTanna a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais na CCTanna,
- feasacht agus tuiscint ar reachtaíocht rialaithe ÚRCCT a chur chun cinn,
- cibé faisnéis a bhaineann le CCTanna a mheasann an Rialtóir go bhfuil gá leo a bhailiú, agus



- faisnéis dá leithéid a fhoilsiú (agus faisnéis staitistiúil san áireamh) a bhaineann le AHBanna, de réir mar is iomchuí leis an Rialálaí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar AHBRA, ar a ról, ar a fhreagrachtaí agus ar a chuspóirí, tabhair cuairt ar www.ahbregulator.ie

FAISNÉIS & NÓS IMEACHTA AN IARRATAIS

An dáta deiridh le haghaidh Iarratais a Fháil: Dé Luain, an 27 Márta 2023 ar 12.00 meán lae

Scála Tuarastail: Bainisteoir Sinsearach Rialála – Oifigeach Riaracháin Grád 7 (Scála Tuarastail an Údaráis Áitiúil)

€55,022 - €56,368 - €57,941 - €59,517 - €61,095 - €62,503 - €63,947 - €65,344 - €66,738 LSI 1 - €69,127 LSI 2 - €71,529

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís thú, go díreach roimh an gceapachán.

Nós Imeachta an Iarratais:

- Tá clár earcaíochta agus iarratais ÚRCCT á bhainistiú ag LEX Consultancy
- Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:
 - a. litir chumhdaigh lena sonraítear a n-oiriúnacht don phost.
 - b. foirm iarratais ÚRCCT chomhlánaithe.
- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú:
- Ba cheart iarratais a thástáil agus a chur isteach i bhformáid PDF ar an nasc seo a leanas ina bhfuil na sonraí ar fad a bhaineann leis an iarratas.
www.lexconsultancy.ie/clients/AHBRA
- Ba cheart ceistanna ar bith nach féidir a fhreagairt ar an nasc thuas a sheoladh chuige ahbra@lexconsultancy.ie
- Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil.
- Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.



Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh se/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh AHBRA, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.